| Meitheal Forbartha Stair na hArdteistiméireachta | Cruinniú 11:12-13.11.2025 |
|---|---|
| **Fáilte, miontuairiscí, nithe ag teacht chun cinn, dearbhú leasa.** | Gabhadh leithscéalta agus glacadh le miontuairiscí an chruinnithe dheireanaigh. I measc na gcúrsaí a tháinig chun cinn, ba ábhar imní é fíordheimhniú na Comhpháirte Measúnaithe sa Bhreis i bhfianaise an dul chun cinn atá déanta ag an IS. |
| **An Nuacht is Déanaí** | Taifeadadh athrú ar chomhaltaí an ghrúpa. Tá ionadaí de chuid Oide ag cur tús le post nua agus cuirfear comhalta eile d'fhoireann cheannaireachta Oide ina n-áit ón gcéad chruinniú eile i leith.<br>Bhí plé forleathan ann ar thorthaí foghlama; úsáid 'príomhfhigiúirí'; an scoilt idir stair na hÉireann agus stair an domhain; leagan reatha RSR; an trasnaíl fhéideartha idir ábhar i snáithe 2 agus an t-ábhar atá leagtha amach i snáitheanna 3 agus 4; agus an cheist maidir le hinroghnaitheacht a áireamh sa tsonraíocht. |
| **Snáithe 1** | Bhí plé ar na torthaí foghlama atá beartaithe do snáithe 1. Sa phlé, luadh na nithe seo a leanas: staid na staire áitiúla, ról na ndoiciméad atá leagtha síos, an nasc leis an gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis agus na socruithe measúnaithe féideartha. |
| **Snáithe 2** | Bhí plé cuimsitheach ar líon, réimse, méid agus fócas na dtopaicí a bhí faoi bhreithniú do shnáithe 2. Ar chúiseanna measúnaithe, is fearr ceithre thopaic a bheith ann, le héagsúlacht foinsí ar fud na dtopaicí. Pléadh roghanna éagsúla maidir leis na topaicí agus forbraíodh na torthaí foghlama gaolmhara. |
| **Snáithe 4** | Chuir duine ar leith i gcoinne aon inroghnaitheacht a thairiscint sa snáithe seo, ach thacaigh tromlach an ghrúpa le roghanna a áireamh.<br>Bhí plé cuimsitheach ann faoi na paraiméadair dháta agus an t-ábhar a d'fhéadfadh a bheith mar chuid de gach rogha. Comhaontaíodh ceannteidil mar bhealach chun na réimsí dáta seo a fhiosrú. Cuirfear tuilleadh oibre ar fhorbairt an ábhair dóibh seo i gcrích don chéad chruinniú eile. |
| **Snáithe 3** | Tar éis an chuir chuige a glacadh i Snáithe 4, comhaontaíodh paraiméadair dháta don snáithe agus moladh ceannteidil mar bhealach chun an t-ábhar a eagrú. |
| **Na Chéad Chéimeanna Eile** | An chéad chruinniú eile: Déardaoin 4 Nollaig |